2026/1703

10.7.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1703 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1157 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola cathrach measctha atá beartaithe lena haisghabháil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 44(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] toirmeasctar ón 21 Bealtaine 2026 onnmhairiú dramhaíola cathrach measctha ón Aontas atá beartaithe lena haisghabháil i dtríú tíortha. Ní bheadh aistriú dramhaíola den sórt sin ó limistéir teorann an Aontais chuig saoráidí cóireála in aice láimhe san Eilvéis, áit a gcoinnítear ardchaighdeáin bainistithe dramhaíola, údaraithe a thuilleadh dá bhrí sin, rud a chuirfeadh deireadh le cleachtas atá seanbhunaithe. Dá réir sin, d'aistreodh an toirmeasc ar onnmhairiú na dramhaíola sin chuig an Eilvéis iompar na dramhaíola sin chuig tíortha eile agus chuig saoráidí bainistithe dramhaíola atá suite níos faide ar shiúl, agus thiocfadh iompar breise de bhóthar in ionad iompar dramhaíola d'iarnród mar thoradh air. Mhéadófaí leis sin na costais bainistíochta a bhaineann leis an dramhaíl sin agus ghinfí barrachas astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar a hiompar breise de bhóthar, agus ní eascródh ach tairbhí an-teoranta as. Dá réir sin, is gá Airteagal 44(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2024/1157 a leasú chun go bhféadfar leanúint le honnmhairiú dramhaíola cathrach measctha atá beartaithe lena haisghabháil chuig an Eilvéis.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1157 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr go bhfuil gá le comhchuibhiú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(4) I bhfianaise theacht i bhfeidhm an toirmisc ar dhramhaíl chathrach mheasctha a loingsiú lena haisghabháil, rud a chuirfeadh isteach ar loingsithe dramhaíola cathrach measctha chuig an Eilvéis, agus ós rud é go bhfuil toilithe le haghaidh loingsithe den sórt sin a tugadh roimh theacht i bhfeidhm an toirmisc sin bailí ar feadh bliain amháin ar a mhéad, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Tuairim an 17 Meitheamh 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 29 Meitheamh 2026.

[3] Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L, 2024/1157, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1157/oj).

Airteagal 1

In Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2024/1157, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) beidh toirmeasc ar an dramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a onnmhairiú, seachas i gcás ina n-onnmhairítear chuig an Eilvéis í;’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 8 Iúil 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	T. BYRNE